# Ról an Oifigigh Teagmhála Sonraí Oscailte (Straitéis Sonraí Oscailte 2023-2027)

## Comhthéacs

I Straitéis Sonraí Oscailte na hÉireann 2023–2027, leagtar amach fís uaillmhianach maidir leis an trédhearcacht, an nuálaíocht, agus soláthar na seirbhísí poiblí a fheabhsú, trí fhoilsiú agus athúsáid na Sonraí Oscailte ardchaighdeáin. Chun é sin a bhaint amach, caithfidh gach Roinn/Oifig agus comhlachtaí ábhartha faoina gcoimirce freagracht a shannadh d'Oifigeach Teagmhála Sonraí Oscailte (ODOLO) as cúrsaí a thagann aníos faoi Rialacháin na Sonraí Oscailte. Is ról ríthábhachtach é seo maidir le cur chun feidhme na Sonraí Oscailte a spreagadh ar fud na hearnála poiblí.

## Cuspóir an Róil

Is príomhphointe teagmhála é ODLO idir a n-eagraíocht agus an tAonad Sonraí Oscailte. Is féidir leo gníomhaíochtaí sonraí oscailte a chomhordú go hinmheánach, dea-chleachtais a chur chun cinn, agus a chinntiú go bhfoilsítear tacair sonraí de réir na gcaighdeán náisiúnta agus na gcuspóirí straitéiseacha.

## Is é seo a leanas sampla de Phríomhfhreagrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar ODLO:

**1. Teagmháil Straitéiseach**

- Feidhmiú mar phríomhtheagmhálaí na heagraíochta maidir le cúrsaí Sonraí Oscailte.
- Nuashonruithe gearra ar dhul chun cinn a sholáthar don Aonad Sonraí Oscailte maidir le gníomhaíochtaí sonraí oscailte laistigh de bhur n-eagraíocht ar bhonn ráithiúil.
- Ionadaíocht a dhéanamh don eagraíocht i bhFóraim agus i gcomhairliúcháin Sonraí Oscailte.

**2. Maoirseacht Sonraí**

- Foilsiú na dtacar sonraí a shainaithint, a ullmhú, agus maoirseacht a dhéanamh orthu.
- A chinntiú go dtagann tacair sonraí leis na caighdeáin riachtanacha maidir le formáid, meiteashonraí agus caighdeán.
- Foilsiú seasta tráthúil ar data.gov.ie a chur chun cinn.

**3. Abhcóideacht Inmheánach & Fothú Acmhainneachta**

- Feasacht faoi Shonraí Oscailte a chur chun cinn ar fud na ranna agus na bhfoirne.
- Comhtháthú na Sonraí Oscailte le próisis ghnó a spreagadh.
- Tacú le hoiliúint na foirne agus cultúr na hoscailteachta sonraí a chur chun cinn.
- Infhaighteacht an chreata le haghaidh oiliúint maidir le sonraí oscailte agus an chreata le haghaidh tacaíocht theicniúil maidir le sonraí oscailte a chur chun cinn laistigh de bhur n-eagraíochtaí.

**4. Monatóireacht & Tuairisciú**

- An scéal is déanaí a roinnt leis an Aonad Sonraí Oscailte go rialta maidir le dul chun cinn agus dúshláin.
- Cur le táscairí feidhmíochta agus measúnuithe tionchair.
- Tacú le hiniúchtaí agus le hathbhreithnithe ar ullmhacht chun Sonraí Oscailte.

- A bheith ag obair leis an Aonad Sonraí Oscailte maidir lena chinntiú go bhfuil tacair sonraí ar an tairseach náisiúnta atá ábhartha do bhur n-eagraíocht comhlíontach leis an gcreat teicniúil um Shonraí Oscailte.

### Ailíniú Straitéiseach

Cuireann ODLOnna go díreach le trí philéar de chuid Straitéis 2023–2027:

**Foilsitheoirí –** A chinntiú go n-eisítear tacair sonraí ardluacha.

**Ardán –** Tacú le bonneagar sonraí freagrúil, ar féidir brath air.

**Úsáideoirí –** Feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar inúsáidteacht le haghaidh saoránaigh, taighdeoirí, agus gnólachtaí.

### Sárphróifíl

- Tuiscint mhaith ar rialachas sonraí, straitéis dhigiteach, nó soláthar seirbhísí poiblí.
- An cumas foirne a chomhordú agus coincheapa teicniúla a chur in iúl go soiléir.
- Tiomantas don trédhearcacht, don nuálaíocht, agus don luach poiblí.

### Tiomantas Ama

- Seans go mbeadh gá le rannpháirtíocht rialta trí iarratais Sonraí Oscailte mar chuid den ról seo.
- Táthar ag súil le go bhfreastalófar ar sheisiúin eolais rialta ODLO agus imeachtaí Sonraí Oscailte.
- Féadfar a iarraidh go nglacfar páirt i meithleacha nó i gcomhairliúcháin.

### Acmhainní

Tá rochtain ag ODLOnna ar thacair sonraí, mar shampla CEIST, teimpléid agus caighdeáin meiteashonraí via data.gov.ie.

### Na Chéad Chéimeanna Eile le haghaidh ODLOnna Nua

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis Sonraí Oscailte 2023–2027.
2. Iniúchadh inmheánach a dhéanamh ar thacair sonraí fhéideartha.
3. Plean foilseacháin a chur le chéile agus feachtas inmheánach feasachta le haghaidh d’eagraíochta mura ndearnadh amhlaidh cheana féin.
4. Nascadh le do phiaraí ODLO tríd an ardán comhoibrithe CEIST.

### Tábhacht Leanúnach

Tá ríthábhacht ag baint le ODLOnna maidir le luach na Sonraí Oscailte a léiriú ó thaobh na trédhearcachta, na cinnteoireachta, na nuálaíochta, agus mhuinín an phobail de. Tacaítear le ceannaireacht leanúnach na hÉireann trína gcuid oibre, san aibíocht Sonraí Oscailte ar fud an AE agus ECFE.